# Aguisín 1

**Measúnú ar iarratais a bhfuil saoire luaite iontu**

**Aidhm:**

Is é aidhm na forála seo aird a dhíriú ar an gcaoi a bhfágtar níos mó ban agus cúramóirí ar leataobh go staitistiúil i gcritéir roghnúcháin áirithe, agus na critéir a chur in oiriúint chun go seachnófar é sin. Ní bheidh an méid céanna oibre déanta ag comhalta foirne a mbeidh am saor tógtha aige/aici óna p(h)ost de bharr saoire mháithreachais, saoire uchtaíoch, saoire do thuismitheoirí, saoire bhreoiteachta, saoire bhreoiteachta a bhaineann le míchumas agus saoire cúramóra agus a bheidh ag comhalta foirne den chineál céanna nár thóg am saor.

Nuair a luaitear saoire a bhfuil taifead uirthi in iarratas, déanfaidh an Choiste Arduithe Céime Acadúla (APC) measúnú ar an aschur oibre i gcomparáid leis an deis oibre, i.e. cuirfear aschur acadúil san áireamh ar bhonn pro-rata i gcás comhalta foirne a thóg saoire den chineál sin.

**Iarratas:**

Ba cheart don iarratasóir an tábla faoi 5(c) a líonadh ag lua líon na seachtainí saoire a tógadh i ngach catagóir i ngach bliain acadúil.

Déanfaidh an Choiste Arduithe Céime Acadúla (APC) an méid a mbeidh siad ag súil leis maidir lena mbeidh bainte amach/maidir leis an obair a bheidh déanta ag an iarratasóir a choigeartú, i gcomhréir leis an sciar saoire a bheidh tógtha aige/aici.

Go sonrach, cuirfidh na measúnóirí iolraitheoir i bhfeidhm ar éachtaí/torthaí an iarratasóra do na critéir faoin gcatagóir maidir le Taighde agus Seasamh Scolártha atá liostaithe thíos. Chun coigeartú a dhéanamh do na réimsí eile den iarratas nach bhfuil chomh fabhrach d'anailís chainníochtúil, bainfear úsáid as an iolraitheoir, mar is cuí, chun bonn eolais a chur faoin measúnú foriomlán.

a) Foilseacháin
b) Mic léinn iarchéime taighde
c) Maoiniú taighde a fuarthas

I gcás saoire mháithreachais agus saoire uchtaíoch, go sonrach, caithfidh an bord tréimhse ama a chur san áireamh a thabharfadh deis don duine teacht isteach ar an obair arís i ndiaidh na

saoire, i.e. moltar suas le bliain a thabhairt i gcás gach tréimhse de shaoire mháithreachais/uchtaíoch. I gcás gach saoire eile áireofar an fíor-am a caitheadh ar saoire.

**Sampla:**

Ceapadh Iarrthóir A ar an 1 Meán Fómhair 2006 agus dá bhrí sin tá sí sa phost le haon bhliain déag. Thóg Iarrthóir A saoire mháithreachais sna blianta acadúla 09/10, 10/11 agus 11/12.
Tá 16 alt foilsithe ag Iarrthóir A in iris phiarmheasúnaithe ón 1 Meán Fómhair 2006.

Bainfidh an Choiste Arduithe Céime Acadúla (APC) bliain amháin as gach saoire mháithreachais agus déanfar líon na mblianta mar Léachtóir a choigeartú ó 11 go 8 chun iolraitheoir a dhéanamh amach (11÷8=1.375). Cuirfear an t-iolraitheoir seo i bhfeidhm ar líon na bhfoilseachán d'fhonn tuiscint nóiseanúil a fháil ar an méid a bheadh foilsithe ag an iarrthóir mura mbeadh sí ar shaoire mháithreachais trí huaire ina gairm go dtí seo (16 foilseachán x 1.375 =22).

Tabharfaidh an Choiste Arduithe Céime Acadúla (APC) scór d'Iarrthóir A ansin bunaithe ar 22 alt in irisí piarmheasúnaithe de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach in Aguisín 1.

Cuirfear an t-iolraitheoir céanna i bhfeidhm ar fhoilseacháin i ngach catagóir, mic léinn taighde iarchéime agus maoiniú taighde a fuarthas agus bainfear leas as, mar is cuí, chun bonn eolais a chur faoin measúnú foriomlán.